AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2024
COM(2024) 349 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Cur chun Feidhme an Rialacháin maidir le Bearta Teicniúla (Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2019/1241)

Clár

1. Réamhrá 2

2. Cur chun feidhme an rialacháin 2
2.1. Dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí a thomhas 3
2.2. Cur chun feidhme réigiúnach 4
2.2.1. Muir Bhailt 5
2.2.2. Uiscí an Iarthair 5
2.2.3. An Mhuir Thuaidh 6
2.2.4. An Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh 7
2.3. Ábhair eile a bhaineann le cur chun feidhme 8
2.3.1. Rialacha cur chun feidhme 8
2.3.2. Iascaireacht dhírithe 9

3. Nuálaíocht agus taighde eolaíoch 10
3.1. Obair CETEI 10
3.2. Comhairle ICES maidir le trealaimh nuálacha 11
3.3. Iascaireacht chun críocha na heolaíochta 12
3.4. Caiteachas ar nuálaíocht 12

4. Conclúidí 14

1. RÉAMHRÁ

Le hAirteagal 31 de Rialachán 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (‘an Rialachán’), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt gach 3 bliana maidir le cur chun feidhme an Rialacháin.

Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar chur chun feidhme an Rialacháin le 3 bliana anuas agus cuireann sí leis an gcéad tuarascáil a glacadh[2] i mí Mheán Fómhair 2021 agus leis an tuarascáil maidir le húsáid cumhachtaí tarmligthe a glacadh i mí Mheán Fómhair 2023[3]. Ullmhaítear í bunaithe ar na bearta a glacadh agus ar fhorbairtí eolaíocha, ar chomhairle ón gCoiste Eolaíoch Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) agus ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES), agus ar ionchur ó na Ballstáit, ó Chomhairlí Comhairleacha agus ar ionchuir ó na páirtithe leasmhara eile a thug freagra ar an gcomhairliúchán poiblí (i gceangal le Foscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo). Féachtar ann freisin ar na hiarrachtaí atá ar bun ó thaobh taighde agus nuálaíochta de mar fhéidearthacht chun leanúint den dul chun cinn maidir le cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach.

2. CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN

Is é is cuspóir don Rialachán seo rannchuidiú le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh (‘CBI’) mar a shainmhínítear i Rialachán 1380/2013 (‘Rialachán CBI’) agus rannchuidiú le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach mar a leagtar amach sa reachtaíocht chomhshaoil, agus, an tráth céanna, an chothromaíocht cheart a aimsiú i measc na gcuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil faoi CBI. Trí **iascaireacht a dhéanamh ar uastáirgeacht inbhuanaithe** (UTI) le bearta teicniúla iomchuí, cuirtear go mór le gníomhaíocht níos inbhuanaithe sna farraigí agus le hearnáil iascaireachta atá athléimneach agus iomaíoch ina dtáirgtear bia ar ardchaighdeán[4]. Trí úsáid a bhaint as cleachtais iascaireachta atá níos roghnaithí agus níos measúla ó thaobh an chomhshaoil de, cuidítear leis an táirgeacht ó stoic éisc spriocdhírithe a mhéadú, agus gabhálacha (agus foghabhálacha) de thaisme agus tionchair ar ghnáthóga íogaire a laghdú an tráth céanna.

Ar mhaithe le hinbhuanaitheacht na n-acmhainní muirí, tá gá leis **na héiceachórais mhuirí a chosaint agus le tionchar na hiascaireachta orthu a theorannú**. Le bearta teicniúla rannchuidítear le cuspóirí na reachtaíochta comhshaoil a bhaint amach ar bhealach éifeachtach. Déantar iad a cheapadh agus a rialáil agus é d’aidhm acu teorainn a chur leis an tionchar ar speicis íogaire agus ar ghnáthóga íogaire a chosnaítear faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, amhail limistéir Natura 2000, agus chun tionchair ar na héiceachórais mhuirí a laghdú mar rannchuidiú le cur chun feidhme na Treorach Réime

[1] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascach a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

[2] An tuarascáil: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52021DC0583 agus an Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann léi: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=SWD:2021:268:FIN

[3] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52023DC0520

[4] Féach COM(2024)235final, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2025.

um Straitéis Mhuirí (MSFD). Tá sé sin ábhartha go háirithe i bhfianaise chuspóirí Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais[5] agus an Phlean Gníomhaíochta Muirí[6].

Leis an Rialachán atá ann faoi láthair tugadh ar aghaidh gnéithe riachtanacha de rialacháin theicniúla a bhí ann roimhe seo agus foráiltear go bhféadfaidh an Coimisiún na bearta is gá a shainiú le haghaidh cur chun feidhme comhleanúnach. Ina theannta sin, leis an Rialachán, iarrtar ar na Ballstáit oibriú le chéile, i gcomhthéacs na ngrúpaí réigiúnacha, chun bearta atá ábhartha go réigiúnach a shainiú, ar bearta iad a fhéadfaidh an Coimisiún a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe agus lena dtugtar deis do na Ballstáit bearta náisiúnta a ghlacadh ina n-aonar dá n-uiscí nó dá gcabhlaigh.

Is uirlis thábhachtach é an Rialachán seo chun rannchuidiú le dúshláin aeráide agus bithéagsúlachta a mhaolú, agus dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach i dtaca le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Muirí, a glacadh i mí Feabhra 2023 mar sprioc insoláthartha faoi Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais 2030 agus a chuirtear i láthair mar chuid den phacáiste 'Iascach agus Aigéin'[7].

2.1. Dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí a thomhas

Féachtar sa tuarascáil seo ar chur chun feidhme réigiúnach na mbeart d'fhonn rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin: patrúin saothraithe a bharrfheabhsú, rannchuidiú le gabhálacha de thaisme de speicis mhuirí íogaire agus tionchair dhiúltacha chomhshaoil na hiascaireachta ar ghnáthóga muirí a íoslaghdú agus bearta bainistithe iascaigh a chur i bhfeidhm chun críocha na Treoracha comhshaoil a chomhlíonadh[8].

Chun tomhas a dhéanamh ar an bhfuil **patrúin saothraithe** á mbarrfheabhsú, rinne CETEI athbhreithniú in 2020 ar an táscaire is iomchuí le húsáid. Chomhlánaigh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde é sin i mí Feabhra 2024[9], le hanailís ar 34 stoc éisc a chomhfhreagraíonn do na speicis a liostaítear sa Rialachán. Léiríodh san anailís sin go bhfuil feabhas ag teacht ar an roghnaíocht chomhiomlánaithe san Atlantach le 20 bliain anuas. Mar sin féin, in 2021, léirigh díreach faoi bhun leath de na stoic a ndearna ICES measúnú orthu roghnaíocht níos fearr (i.e. cosaint níos airde d'ógánaigh) ná an roghnaíocht a chomhfhreagraíonn don uastáirgeacht chothromaíochta faoin ráta básmhaireachta iascaireachta atá ann faoi láthair. Maidir leis an Meánmhuir, léirigh dhá cheann as gach deich stoc roghnaíocht níos fearr ná an roghnaíocht a chomhfhreagraíonn don uastáirgeacht chothromaíochta faoin ráta básmhaireachta iascaireachta atá ann faoi láthair.

Maidir leis na cuspóirí a bhaineann le reachtaíocht chomhshaoil, tagann spriocanna nithiúla ó na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, lena n-áirítear cosaint shonrach do limistéir Natura 2000 agus do speicis áirithe, agus ó na luachanna tairsí arna nglacadh faoi chuimsiú na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD). Le blianta beaga anuas, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le glacadh tairseacha den sórt sin, go háirithe maidir leis na tuairisceoirí chun a chinneadh an bhfuil dea-stádas comhshaoil ag **gnáthóga ar ghrinneall na farraige**[10]. Tá luachanna tairsí MSFD a bhaineann le **gabhálacha de**

[5] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A52020DC0380

[6] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52023DC0102

[7] https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/policy/common-fisheries-policy-cfp_ga

[8] Airteagal 3 de Rialachán 2019/1241

[9] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC137030

[10] Chun forléargas a fháil ar na luachanna tairsí féach an Fógra ón gCoimisiún maidir leis na luachanna tairsí a leagtar síos faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí 2008/56/CE agus Cinneadh (AE) 2017/848 ón gCoimisiún (COM(2024)2078).

thaisme de speicis mhuirí íogaire fós le glacadh agus, dá bhrí sin, níl spriocanna nithiúla don chuspóir sin ar fáil go fóill.

Cé nach bhfuil spriocanna intomhaiste ar fáil go hiomlán, cuirtear faisnéis ábhartha ar fáil le comhairle eolaíoch maidir le staid íogair speiceas agus gnáthóg áirithe agus, dá bhrí sin, maidir leis na heilimintí atá riachtanach chun tacú le glacadh beart nithiúil.

2.2. Cur chun feidhme réigiúnach

Is é an cur chun feidhme réigiúnach bunchloch an Rialacháin seo agus tá sé ag dul chun cinn ar luas agus ar leibhéal éagsúil agus tá sé dírithe ar riachtanais agus imthosca gach imchuach farraige. Is féidir bearta a ghlacadh mar bhearta náisiúnta nó mar ghníomh tarmligthe bunaithe ar mholadh comhpháirteach arna chur ar aghaidh ag na Ballstáit lena mbaineann.

Maidir le bearta náisiúnta, chuir na Ballstáit uile an Coimisiún ar an eolas maidir le bearta a bheidh le cur chun feidhme ag a gcabhlaigh chun cuspóirí nithiúla a bhaint amach sna huiscí atá faoina gceannasacht nó faoina ndlínse.

I dtuarascáil mhí Mheán Fómhair 2023 maidir le húsáid tharmligean na gcumhachtaí faoin Rialachán, cuireadh i dtábhacht gur glacadh 12 ghníomh tarmligthe sa tréimhse ón 14 Lúnasa 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2023, agus bhíothas i mbun ceann eile a ghlacadh. Ó shin i leith, glacadh dhá ghníomh tarmligthe eile, rud a fhágann gurb é 14 ghníomh tarmligthe an t-iomlán a glacadh maidir le réimse leathan beart.

Tá éagsúlacht mhór idir cur chuige, luas agus inneachar an chur chun feidhme réigiúnaigh mar gheall ar na cúinsí agus na dúshláin atá sách éagsúil i ngach ceann de na himchuacha farraige agus an raon feidhme agus an acmhainneacht a ghabhann le próiseas an réigiúnaithe. Mar shampla, **sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh** is é an cur chuige is éifeachtaí go nglacann an Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) bearta agus, dá bhrí sin, go mbíonn feidhm acu maidir le gach stát a bhfuil teorainn acu leis na farraigí sin, rud a áirithíonn cothrom na Féinne. Mar thoradh air sin, is beag riachtanas nó spás atá ann chun réigiúnú a úsáid faoi Rialachán CBI. Nuair ba ghá chun bearta CGIM a thrasuí nó mar chomhlánú, d'fhill na Ballstáit ar bhearta náisiúnta den chuid is mó. Maidir leis an Muir Thuaidh agus Uiscí an Iarthair, tá an staid éagsúil. Cé go bhfuil raon feidhme iomlán ann maidir le réigiúnú a úsáid, is díol sásaimh do na Ballstáit, agus do na Comhairlí Comhairleacha ábhartha freisin, an obair theicniúil leanúnach atá ar siúl idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir le bearta teicniúla.

D'fhéadfadh na moltaí comhpháirteacha ó na Ballstáit a bheith bunaithe in Airteagal 11 de Rialachán CBI agus sa Rialachán maidir le Bearta Teicniúla araon, arb é is aidhm dóibh araon rannchuidiú le cuspóirí CBI agus, ar an gcaoi sin, le cur chun feidhme na reachtaíochta comhshaoil agus, mar shampla, tionchar iascaigh ar ghnáthóga muirí íogaire nó foghabhálacha *de minimis* speiceas íogair a theorannú. Maidir leis an méid sin, foráiltear leis an Rialachán freisin go bhféadfaidh na Ballstáit moltaí comhpháirteacha a chur i láthair chun bearta maolaithe a chur chun feidhme chun speicis íogaire a chosaint, mar a tharla chun muc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt a chosaint.

Ina theannta sin, leis an Rialachán, tugtar cosaint speisialta do roinnt speiceas éisc atá liostaithe in Iarscríbhinn I trí thoirmeasc a chur ar na speicis sin atá le hiascach. Cé go bhfuil an fhéidearthacht ann an liosta a leasú agus speicis bhreise a chur leis, níor tharla sé sin go dtí seo.

Mar fhreagairt ar na comhairliúcháin a rinneadh don tuarascáil seo, rannchuidigh Comhairlí Comhairleacha le faisnéis mhionsonraithe maidir leis an obair a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe sin chun an rannpháirtíocht agus an tiomantas a léiriú maidir le bearta deonacha a ghlacadh agus maidir leis an bpróiseas réigiúnaithe araon.

Chuir roinnt de na páirtithe leasmhara in iúl nach bhfuil an réigiúnú ag dul chun cinn ar an luas ceart, agus chuir páirtithe eile béim ar chastacht an Rialacháin.

2.2.1. Muir Bhailt

Ó thaobh **roghnaíochta** de, tá an comhar réigiúnach maidir le trealamh roghnaitheach chun foghabháil throsc Mhuir Bhailt a laghdú go mór agus glacadh an Ghnímh Tharmligthe agus an ghnímh cur chun feidhme lena mbaineann ar tí tarlú a bhuí leis an dlúthchomhar idir na Ballstáit agus an Chomhairle Chomhairleach (BSAC).

Sa réimse maidir le **foghabhálacha speiceas íogair a íoslaghdú,** leanadh den obair d'fhonn muc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt a chosaint níos fearr (cuireadh dhá mholadh chomhpháirteacha isteach chun na críche sin), lena n-áirítear bearta rialaithe breise. Táthar ag smaoineamh ar obair a dhéanamh ar bhearta do Mhuir Bhailt Thoir freisin, le tréimhsí coiscthe fíor-ama. Ina theannta sin, tá roinnt Ballstát ag obair ar bhearta arb é is aidhm dóibh tionchar an chreachta róin agus na hidirghníomhaíochta le hiascairí a íoslaghdú agus tá bearta deonacha déanta acu chun tionchar an iascaigh ar speicis íogaire a theorannú. Thug BSAC eolas freisin go bhfuil a mbaill-iascairí ag glacadh páirt i dtionscadail taighde ar bhonn aonair.

Maidir leis an **rannchuidiú níos leithne leis na cuspóirí comhshaoil agus le gnáthóga ghrinneall na farraige**, tá srianta náisiúnta áirithe ar iascaireacht ghrinnill agus ar úsáid líonta éighníomhacha i limistéir Natura 2000 á gcur chun feidhme ag Ballstáit Mhuir Bhailt. Ina theannta sin, d'ullmhaigh roinnt Ballstát moladh comhpháirteach chun grinneall na farraige sa chuid Ghearmánach de Mhuir Bhailt a chosaint (gníomh tarmligthe mar ullmhúchán bunaithe ar mholadh comhpháirteach chun 6 limistéar mhuirí faoi chosaint (LMFCanna) a chosaint i limistéar eacnamaíoch eisiach na Gearmáine de Mhuir Bhailt).

Tá na Ballstáit ag obair faoi láthair ar 2 mholadh chomhpháirteacha ina moltar bearta caomhnúcháin do thart ar 25 láithreán Natura 2000 nó limistéir MSFD sa Mhuir Thuaidh agus i Muir Bhailt (gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach).

2.2.2. Uiscí an Iarthair

Mar rannchuidiú leis an **roghnaíocht**, tá bearta á gcur chun feidhme ag na Ballstáit chun íoslaghdú a dhéanamh ar ghabháil trosc sa Mhuir Cheilteach agus, nasctha le torthaí comhchosúla sa Mhuir Thuaidh, tá plé fós ar siúl chun méid an mhogaill san iascach scuide a mhéadú (ó 40 mm go 80 mm nó 90 mm ag brath ar an limistéar iascaireachta). Cuireadh bearta breise chun feidhme trí Ghníomhartha Tarmligthe chun cosaint an deargáin i mBá na Bioscáine a mhéadú (na híosmhéideanna tagartha caomhnaithe agus tréimhsí coiscthe a mhéadú).

A mhéid a bhaineann leis an ngá **foghabhálacha speiceas íogair i mBá na Bioscáine a íoslaghdú,** ghlac an Fhrainc agus an Spáinn bearta náisiúnta in 2021 chun an deilf choiteann a chosaint, agus úsáid á baint as fuaimghaireas bactha i mBá na Bioscáine le haghaidh trálaeir áirithe. Chomh maith le húsáid a bhaint as feistí fuaimchiaptha ar thrálaeir, tá ceamaraí ar bord agus bearta faireacháin eile á n-úsáid ag an bhFrainc chun feabhas a chur ar an eolas ar dhaonra na deilfeanna i mBá na Bioscáine. Tá an Fhrainc ag obair freisin ar roinnt tionscadal maidir le bearta teicniúla ionas nach ndéanfar deilfeanna a fhoghabháil in eangacha geolbhaigh. Tá an Phortaingéil agus an Spáinn ag obair ar bhearta maolaithe teicniúla, amhail feistí fuaimchiaptha, le haghaidh eangacha geolbhaigh faoi chuimsiú Thionscadal

Cetambicion[11]. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh dul chun cinn, ós rud é go bhfeabhsófaí caomhnú an deilf choitinn dá nglacfaí bearta réigiúnacha i ngach réimse.

Tá cúrsaí agus deiseanna oiliúna á n-eagrú ag na Ballstáit do thionscal na hiascaireachta freisin arb é is aidhm dóibh tuiscint níos fearr a fháil ar ghabhálacha a bhaineann le hiascaigh áirithe agus aitheantas a thabhairt dóibh.

Maidir le tionscadail a bheidh ann amach anseo chun speicis íogaire a chosaint, tá roinnt Ballstát rannpháirteach sa Cibbrina[12], agus i ngníomhaíochtaí taighde éagsúla atá dírithe ar speicis íogaire a chosaint in iascaigh atá faoi rialú ag Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh, amhail an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh. Thuairiscigh roinnt Ballstát freisin ar thionscadal lena n-áireofar suirbhéanna ar aigéad dí-ocsairibeanúicléasach (DNA) agus faireachán fuaimiúil éighníomhach.

Sa réimse a bhaineann le rannchuidiú le **cosaint an chomhshaoil**, tá síneadh curtha ag na Ballstáit le limistéir mhuirí faoi chosaint atá ann faoi láthair agus tá siad ag obair i gcomhar le húdaráis chomhshaoil chun pleananna bainistíochta a fhorbairt do roinnt LMFCanna faoi Natura 2000.

2.2.3. An Mhuir Thuaidh

Tá roinnt beart **roghnaíochta** curtha chun feidhme ag Ballstáit na Mara Thuaidh chun na díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chomhlánú. Le déanaí, ghlac an Coimisiún séasúr iascaireachta coiscthe le linn bhuaic sceite haileabó Atlantach[13]. Ina theannta sin, tá bearta eile á gcur chun feidhme ag na Ballstáit maidir lena gcabhlaigh, bearta a théann níos faide ná na forálacha éigeantacha atá ann faoi láthair (e.g., painéal Pléimeannach a úsáid i dtrálaeir bhíoma atá dírithe ar shéaclaí, clár breise comhshamplála chun faireachán a dhéanamh ar fhogabháil speiceas atá faoi réir cuótaí in iascach séaclaí).

Thuairiscigh Ballstáit na Mara Thuaidh roinnt beart náisiúnta arb é is aidhm dóibh an **tionchar ar speicis íogaire** a laghdú, amhail bearta ama spásúla in LMFCanna nó teorannú trealaimh áirithe. Tuairiscíodh cumhdach méadaithe breathnóirí freisin chun bheith ag brath ar shonraí láidre iontaofa.

Glacann Ballstáit na Mara Thuaidh páirt i dtionscadal CiBBrina (a bhfuil an Pholainn, an Phortaingéil agus an Spáinn mar chuid de freisin) arb é is príomhaidhm dó básmhaireacht foghabhála de thaisme speiceas íogair a laghdú. Cuireadh tús leis an tionscadal sin i mí na Nollag 2023 agus beidh sé ar siúl go dtí 2029.

I réimse an rannchuidithe le **cosaint an chomhshaoil**, glacadh dhá ghníomh tarmligthe bunaithe ar 5 mholadh chomhpháirteacha ina moltar bearta caomhnúcháin le haghaidh 18 láithreán Natura 2000 nó limistéir na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí sa Mhuir Thuaidh: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/952 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/340.

Tá an plé atá ar siúl faoi láthair ag na Ballstáit dírithe ar cheithre mholadh chomhpháirteacha. Ceann a chuir an Ghearmáin agus an Ísiltír isteach le haghaidh an Dogger Bank (a ndearna CETEI meastóireacht

[11] https://www.cetambicion-project.eu/?lang=es

[12] Arna gcistiú faoin gclár LIFE: https://webgate.ec.europa.eu/life/publicWebsite/project/LIFE22-NAT-NL-LIFE-CIBBRiNA-101114301/coordinated-development-and%E2%80%AFimplementation-of%E2%80%AFbest-practice-in%E2%80%AFbycatch%E2%80%AFreduction%E2%80%AFin-the%E2%80%AFnorth-atlantic-baltic-and-mediterranean-regions

[13] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1060, maidir le bearta teicniúla le haghaidh haileabó Atlantach.

air le déanaí i gcruinniú iomlánach an Earraigh - PLEN 24-01[14]), ceann eile atá á ullmhú ag an Ísiltír do 6 LMFCanna sa chuid Ollannach den Mhuir Thuaidh (Cleaver Bank, Southern Dogger Bank, Central Oyster Grounds, Central Oyster Grounds, Front Frisian MSFD, Brown Ridge agus Borkum Reef Grounds), ceann atá á ullmhú ag an mBeilg le haghaidh trí limistéar bainistithe sa chuid Bheilgeach den Mhuir Thuaidh agus ceann eile atá á ullmhú ag an Danmhairg le haghaidh cúig láithreán Natura 2000 sa Mhuir Thuaidh agus Skagerrak.

2.2.4. An Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh

I réimse na **roghnaíochta**, cuireann na Ballstáit a bhfuil leasanna iascaireachta acu sa Mhuir Dhubh chun feidhme na bearta a glacadh ar leibhéal an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM), trí bhíthin mholtaí CGIM, lena n-áirítear cosc tráil chun éisc óga a chosaint agus úsáid eangacha geolbhaigh aonfhiliméad.

Sa Mheánmhuir, tá raon leathan beart teicniúil náisiúnta curtha chun feidhme ag na Ballstáit chun speicis tráchtála a chosaint, amhail bearta spásúla agus ama chun cosaint a thabhairt do limistéir sceite na bpríomhspeiceas (an colmóir, gliomach na hIorua), teorainneacha na trálaeireachta grinnill, de réir mholtaí CGIM nó i gcomhréir le bainistiú an Phlean Ilbhliantúil WestMed[15], agus rialacha níos déine maidir le sonraíochtaí trealaimh (cuireann roinnt Ballstát mogallmhéideanna níos mó chun feidhme chun díriú ar pheiligigh bheaga), cosc a chur ar strapaí babhta agus strapaí ardaithe agus fad íosta soc-fhoircinn 3 m.

In 2022-2024 thosaigh na Ballstáit ag déanamh trialacha chun trealamh níos roghnaithí agus níos éifeachtúla a fhorbairt, beidh torthaí ar na trialacha sin sa chéad tréimhse tuairiscithe eile. Áirítear ar na suirbhéanna sin tástáil a dhéanamh ar chumraíochtaí éagsúla maidir le mogallmhéideanna i ngiaranna grinnill agus i líonta éighníomhacha, nó fiú, trealamh nuálach iomlán nua. Tá sé beartaithe freisin clúdach breise breathnóirí agus úsáid na faisnéise arna soláthar ag ceamaraí cianfhaireacháin leictreonaigh/teilifíse ciorcaid iata a úsáid.

Maidir leis an méid a bhaineann le **speicis íogaire**, ghlac CGIM roinnt moltaí maidir le céiticigh, ealásmabrainciaigh, éin mhara agus turtair, treoirthionscadail phleanála, bearta maolaithe a ghlacadh agus plean gníomhaíochta réigiúnach a ghlacadh chun faireachán agus maolú a dhéanamh ar idirghníomhaíocht idir iascaigh agus speicis leochaileacha sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh[16]. Is é is aidhm don phlean sin córais faireacháin leordhóthanacha a fhorbairt chomh maith le bearta maolaithe a thástáil le haghaidh gabhálacha de thaisme de speicis leochaileacha agus gníomhaíochtaí creachadóireachta meigeafauna muirí i dtrealamh iascaireachta.

Ina theannta sin, tá roinnt beart náisiúnta curtha i bhfeidhm ag Ballstáit na Mara Duibhe chun tionchar na hiascaireachta ar mhuca mara a íoslaghdú, amhail úsáid eangacha geolbhaigh aonfhiliméad san iascach atá dírithe ar thurbaird, a bhfuil sé mar aidhm leis foghabháil céiticeach a laghdú agus a thóg 2 bhliain de chur chun feidhme forchéimnitheach, feachtais ardaithe feasachta chun Muca Mara na Mara Duibhe a chosaint. Tá roinnt LMFCanna á gcur chun feidhme freisin in uiscí náisiúnta nach n-údarófar eangacha geolbhaigh le haghaidh iascaigh turbard a úsáid iontu ach amháin nuair atá na líonta sin feistithe le feistí fuaimchiaptha. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cheart gach beart atá

[14] Cruinniú iomlánach CETEI 24-01

[15] Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014

[16] Rún CGIM/46/2023/4

dírithe ar an gcuspóir sin a chur i gcomhthéacs réigiúnach, go háirithe obair leanúnach CGIM, chun cothrom na Féinne a áirithiú do bhruachthíortha eile.

Chun speicis íogaire sa Mheánmhuir a chosaint, tá dul chun cinn á dhéanamh ag na Ballstáit leis an reachtaíocht náisiúnta chun speicis atá i mbaol níos mó a chosaint (amhail canóg Bhailéarach, lena n-áirítear bearta bainistithe le haghaidh iascaigh agus láithreáin Natura 2000 a shainaithint chomh maith le ZEPAS (limistéir ina dtugtar cosaint speisialta d'éin) agus tá bearta bainistithe á socrú anois acu do na limistéir sin.

Mar chomhlánú ar na bearta arna nglacadh ag CGIM agus ag na Ballstáit, tá na páirtithe leasmhara agus na Ballstáit rannpháirteach i dtionscadail ardaithe feasachta foghabhála, ag scaipeadh dea-chleachtas i measc iascairí, ag forbairt agus ag aistriú treoracha dea-chleachtais maidir le foghabháil a laghdú, gléasanna scanraithe éan (eitleoga agus baoithe) a thástáil, taighde ar línte scanraithe éan a úsáidtear i soithí na Ríochta Aontaithe a bhíonn ag iascaireacht colmóirí in Gran Sol[17].

Maidir leis an rannchuidiú le **cosaint an chomhshaoil** sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, cuireann Ballstáit éagsúla toirmeasc chun feidhme ar thrálaeireacht ghrinnill agus ar dhreidireacht in LMFCanna agus trí 10 limistéar srianta iascaigh CGIM, déantar limistéar de níos mó ná 1,75 milliún km2 de ghnáthóga farraige a chosaint sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. Cosnaítear thart ar 31 000 km2 de ghnáthóga farraige beantacha sa Mheánmhuir, á gcomhlánú ag limistéar srianta iascaigh domhainmhara mór amháin, arb ionann é agus thart ar 60 % de ghrinneall iomlán na Meánmhara ina bhfuil toirmeasc ar dhreidirí tarraingthe agus tráil a úsáid i ngach uisce níos doimhne ná 1000 méadar chun gnáthóga beantacha domhainfharraige a chosaint. Tá toirmeasc ar thráil i ngach uisce níos doimhne ná 1000 méadar chun gnáthóga beantacha domhainfharraige a chosaint.

Tá obair ar bun chun limistéir shrianta iascaigh nua a bhunú, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar theorainn dhoimhneachta an limistéir shrianta iascaigh go 800 m amach anseo, bunaithe ar thorthaí treoirthionscadal CGIM. An tráth céanna, tá iarrachtaí á ndéanamh chun líonraí comhleanúnacha agus éifeachtacha de LMFCanna a fhorbairt agus tá measúnú inmheánach seolta ag CGIM d'fhonn Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ) a chur i gcrích.

2.3. Ábhair eile a bhaineann le cur chun feidhme

2.3.1. Rialacha cur chun feidhme

Chomh maith le cur chun feidhme réigiúnaithe, leis an Rialachán, tugtar roinnt cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún freisin chun gnéithe sonracha d'eilimintí áirithe a bhunú atá ábhartha nó riachtanach[18] chun caighdeáin roghnaíochta a choinneáil.

Tá rialacha mionsonraithe den sórt sin á n-ullmhú agus tá siad tábhachtach chun cothrom na Féinne a áirithiú i gcur chun feidhme an Rialacháin idir na Ballstáit, agus chun rialú comhleanúnach agus éifeachtach a áirithiú. Baineann siad sin le sonraíochtaí ar na gléasanna a úsáidtear chun ógánaigh sa ghabháil a sheachaint agus le sonraíochtaí roinnt feistí a úsáidtear chun caitheamh agus cuimilt trealamh tarraingthe a chosc.

Is é is aidhm dóibh cuid de na coinníollacha a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo agus atá fíor-riachtanach chun an Rialachán a chur chun feidhme go héifeachtúil a athbhunú. Chun brath ar an gcomhairle

[17] Tionscadal MedBycatch.

[18] Airteagail 8(5) agus 24 (1) den Rialachán

eolaíoch is nuashonraithe, agus tar éis plé teicniúil leis na Ballstáit, chuathas i gcomhairle le CETEI maidir le roinnt de na gnéithe sin agus d'eisigh sé a chomhairle i mí an Mhárta 2024[19].

Tá comhairliúcháin ar siúl leis na Ballstáit d'fhonn an dréachtrialachán cur chun feidhme a chur faoi bhráid an Choiste um Iascach agus Dobharshaothrú gan mhoill.

2.3.2. Iascaireacht dhírithe

Gné thábhachtach eile le haghaidh chur chun feidhme an rialacháin is ea sainmhíniú breise a thabhairt ar théarma na n-iascach dírithe ar speicis áirithe mar a leagtar amach in Airteagail 6(3) agus 27(7) den Rialachán: "*iarracht iascaireachta atá dírithe ar speiceas sonrach nó ar ghrúpa speiceas ar leith agus féadfar í a shonrú tuilleadh ar an leibhéal réigiúnach i ngníomhartha tarmligthe*."

Tá sé sin ábhartha i gcás go leor iascach, cé nach mbaineann sé le gach ceann díobh. I gcás roinnt iascach, tá caighdeáin shoiléire ann agus níl aon bhaol ann go laghdódh cleachtais cur chun feidhme na caighdeáin roghnaíochta, mar shampla, trí ghreille shórtála nó aon ghaireas roghnaíochta eile a úsáid. Maidir leis na hiascaigh nach bhfuil aon chaighdeáin ná forálacha breise ann lena rialaítear úsáid na mogallmhéideanna is lú, iarrtar sa Rialachán, in Airteagal 27(7) de, ar na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistithe acu sna hiascaigh lena mbaineann moltaí comhpháirteacha a thíolacadh, den chéad uair tráth nach déanaí ná an 15 Lúnasa 2020[20].

Leagtar síos sa Rialachán mogallmhéid íosta, a mheastar gurb é an méid is iomchuí é chun na caighdeáin roghnaíochta is fearr a thairiscint, agus cuirtear dhá rogha ar fáil ann chun maolú ar an mogallmhéid íosta sin: Féadfaidh na Ballstáit modhnuithe roghnaíochta a shainiú leis na caighdeáin (íosta) roghnaíochta chéanna a fhoráiltear sa reachtaíocht atá ann faoi láthair agus a ndéanann CETEI measúnú orthu, nó, i gcás iascaigh áirithe agus a mhéid a chomhlíontar coinníollacha agus comhdhéanamh gabhála an Rialacháin, féadfaidh siad mogallmhéideanna sonracha a shainiú (feistí roghnaíochta de ghnáth).

Tá grúpaí réigiúnacha na mBallstát ag obair ar an ábhar seo agus chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le CETEI roinnt uaireanta chun cabhrú le húdaráis náisiúnta dul chun cinn a dhéanamh tar éis do 4 ghrúpa réigiúnacha de chuid na mBallstát moltaí comhpháirteacha a thíolacadh. Go dtí seo, áfach, níl aon bhearta deimhnithe ag an eolaíocht ná glactha mar reachtaíocht.

Maidir le gné eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhaint amach foriomlán na gcuspóirí, baineann sí leis an bhfíoras nach bhfuil aon chóras údaraithe i bhfeidhm, nó geall leis, le haghaidh aon mhogallmhéideanna sonracha in aon réigiún. In éagmais córais údaraithe chun úsáid mogallmhéideanna sonracha a rialáil, údaraítear do gach soitheach iascaireachta, mar réamhshocrú, aon mhogallmhéid sonrach a úsáid tráth ar bith.

D'fhéadfadh iarmhairtí suntasacha caomhnaithe a bheith ar na hábhair sin agus dá bhrí sin molann an Coimisiún do na Ballstáit na saincheisteanna sin a thabhairt ar aghaidh i gcomhthéacs a ngrúpaí réigiúnacha agus, i gcás ábhar na n-údaruithe, ar an leibhéal náisiúnta.

[19] An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – an 75ú Tuarascáil iomlánach (CETEI-PLEN-24-01)

[20] Airteagal 27 den Rialachán

3. NUÁLAÍOCHT AGUS TAIGHDE EOLAÍOCH

Ní féidir dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair a mbíonn tionchar acu ar ár n-éiceachórais mhuirí le trealamh traidisiúnta amháin. Tá an nuálaíocht ríthábhachtach i ndáil leis sin agus cuirtear bonn láidir ar fáil leis an Rialachán chun an t-athrú sin a spreagadh, mar go gcuirtear ar chumas na mBallstát leis maoluithe a chur i bhfeidhm chun teicneolaíocht nua a thástáil agus, ina dhiaidh sin, bearta is infheidhme a fhorbairt faoi chuimsiú an réigiúnaithe.

Tá ról agus rannpháirtíocht na n-oibreoirí uile a fhorbraíonn a ngníomhaíocht sa mhuirthimpeallacht ríthábhachtach agus fíor-riachtanach chun torthaí a bhaint amach. Chuir páirtithe leasmhara a ghlac páirt sa chomhairliúchán (ó na Ballstáit go dtí Comhairlí Comhairleacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachais eile) béim ar a dtiomantas páirt a ghlacadh i dtaighde agus i nuálaíocht.

Is samplaí maithe de thionscadail uile-Eorpacha ina ndéantar institiúidí eolaíochta, eagraíochtaí iascaigh agus páirtithe leasmhara a ghrúpáil iad tionscadail amhail Cibbrina (a bhfuil sé mar aidhm leis an tionchar ar speicis íogaire a íoslaghdú), Marine Beacon[21] (arb é is cuspóir dó uirlisí agus teicnící nuálacha a fhorbairt agus a thástáil chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar speicis thábhachtacha agus rioscaí foghabhála a mhaolú), agus DecarbonyT[22] (trína ndéantar measúnú ar an úsáid a bhaintear as trealamh trálaeireachta barrfheabhsaithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh chun ídiú breosla a laghdú).

Léireofar leis na tionscadail sin an bealach le feabhas a chur ar na teicnící iascaireachta atá ann faoi láthair (ó mhodhnú trealaimh go bearta ama spásúla) chun tionchar na gníomhaíochta iascaireachta ar an gcomhshaol a íoslaghdú. Beidh torthaí na dtionscadal le feiceáil le linn na chéad tréimhse tuairiscithe eile.

3.1. Obair CETEI

Ó glacadh an Rialachán, tagann CETEI, trí Mheitheal Saineolaithe thiomnaithe, le chéile gach bliain chun cur chun feidhme beart teicniúil a phlé, a mheasúnú agus chun comhairle a thabhairt ina leith mar mhodh chun an bonn eolaíochta a chothú le haghaidh cur chun feidhme feabhsaithe.

Mar chuid de na moltaí ó CETEI, leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh ar an obair sa réimse seo maidir le táscairí roghnaíochta (féach caibidil 2.1), agus iniúchadh á dhéanamh an tráth céanna ar an neamhréireacht idir an roghnaíocht atá ann faoi láthair agus an roghnaíocht bharrmhaith lena soláthraítear an táirgeacht inbhuanaithe is airde is féidir. In 2021[23], rinne CETEI measúnú ar roghnaíocht ag aois daonra na speiceas ábhartha[24] agus chuir sé i gcomparáid í leis an gceann barrmhaith (i.e., an ceann a tháirgeann na táirgeachtaí fadtéarmacha is airde). In 2022[25], dhírigh CETEI ar an meastóireacht ar roghnaíocht ag fad daonra na speiceas sin, chun go mbeifear in ann í a nascadh le roghnaíocht iarbhír trealaimh iascaireachta atá bunaithe ar mhéid agus réitigh bharrfheabhsaithe a chur ar fáil.

Tá CETEI ag obair anois ar na réitigh bharrfheabhsaithe sin, ós rud é gur gá léiriú a thabhairt ar na hathruithe a bheadh riachtanach (agus indéanta) chun na táirgeachtaí is airde sin a bhaint amach. Leis an gcur chuige a bheadh le leanúint sna blianta amach romhainn, níor mhór na céimeanna a theastódh chun measúnú bitheacnamaíoch a chur i bhfeidhm maidir leis na hathruithe ar theicnící/patrúin

[21] https://marinebeacon.eu/

[22] https://decarbonyt.eu/

[23] STECF-21-07

[24] Speicis a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán

[25] CETEI 22-19

iascaireachta atá indéanta a shainaithint agus níor mhór na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint freisin (athruithe socheacnamaíocha ar ghabhálacha, luach gabhála agus comhshaoil).

3.2. Comhairle ICES maidir le trealaimh nuálacha

Arna iarraidh sin don Choimisiún, in 2023, thug ICES catalóg 2020 dá chuid de threalaimh nuálacha[26] cothrom le dáta, agus chuir sé measúnú ar fáil ar leibhéal glactha thionscal an Aontais maidir le trealamh nuálach (in aghaidh an imchuach farraige, agus an iascaigh). I gcás na nuálaíochtaí sin nár cuireadh chun feidhme, shainaithin sé na príomhspreagthóirí lenar cuireadh cosc ar a n-úsáid, lena n-áirítear anailís ar na comhbhabhtálacha socheacnamaíocha, agus mhol sé bealaí chun a gcur chun feidhme a éascú. Leis an gcomhairle seo[27], cuirtear conclúidí an-ábhartha ar fáil, go háirithe maidir le glacadh i measc an tionscail. Mar shampla, in aon trian de na teicneolaíochtaí nuálacha a chuirtear i láthair, teastaíonn infheistíocht íseal i leith an trealaimh agus bíonn toradh dearfach ar infheistíocht mar thoradh air, rud a chiallaíonn go bhfuil sé inmharthana go heacnamaíoch.

Chun meastóireacht a dhéanamh ar na bacainní agus na deiseanna chun trealamh nuálach a úsáid go córasach, bhain ICES úsáid as creat PESTEL[28], ag féachaint ar an méid seo a leanas:

- Tosca **P**olaitiúla: leibhéal na tacaíochta a thugann iascairí do bheartais agus dlisteanacht na mbeartas a bhraitheann siad, rialacháin ón mbarr anuas, easpa chothrom na Féinne nuair a ghlactar trealamh go deonach.
- Tosca **E**acnamaíocha: an costas a bhaineann leis an trealamh a cheannach, infhaighteacht caipitil lena úsáid le haghaidh infheistíochta, athrú ar chostais reatha agus ar ioncaim, tosaíocht do shochair ghearrthéarmacha thar shochair fhadtéarmacha a bhaineann leis an trealamh nua a úsáid, deontais nó fóirdheontais a bheith ann, athléimneacht airgeadais.
- Tosca **S**óisialta: drogall maidir le hathrú a dhéanamh, glacadh trealaimh ag daoine eile, éifeachtacht for-rochtana maidir leis an trealamh nua, ísliú céime mar gheall ar fhorbairtí beartais, tuiscint éagsúil ar an bhfadhb idir iascairí agus páirtithe leasmhara eile (e.g. ábhar muirí aischurtha, tionchair tráil ghrinnill), rannpháirtíocht sa chinnteoireacht, muinín idir iascairí agus páirtithe leasmhara eile (e.g. lucht déanta beartas nó eolaithe).
- Tosca **T**eicneolaíochta: eolas teicniúil; trealamh atá deacair a úsáid nó a bhfuil saineolas nó oiliúint de dhíth ina leith; trealamh a dtógann sé am le hé a chur ar bun agus a mhionathrú, chun go n-oibreodh sé go héifeachtach; a mhéid atá an trealamh inoiriúnaithe do dhearaí éagsúla soithigh.
- Tosca **C**omhshaoil: laghdú ar an mbreosla, laghdú ar fhoghabháil iasc de thaisme, laghdú ar an ngabháil de thaisme de speicis mhuirí eile (beantraí, mamaigh mhuirí, éin mhara), tionchar níos ísle ar ghrinneall na farraige.
- Tosca **D**líthiúla: trealamh nach gceadaítear faoi láthair (e.g., trealamh a tástáladh faoi mhaolú, srianta réigiúnacha), ceanglais chun caighdeáin íosta maidir le trealamh dlíthiúil a chomhlíonadh agus forfheidhmiú iomchuí a bheith ann.

Cé go dtugtar tásca tábhachtacha sa chomhairle ó ICES, is léir go bhfuil leibhéal iarbhír ghlacadh an tionscail fós le sainaithint. Sna freagraí ar an gcomhairliúchán, **chuir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara in iúl go raibh sé deacair teicneolaíochtaí nuálacha a ghlacadh**. Cé go n-aontaíonn siad go bhfuil an réigiúnú ríthábhachtach chuige sin agus gur fearr sin seachas cuir chuige dheonacha, measann siad go bhfuil an t-aistriú chuig úsáid trealaimh nua fós rófhada agus róchasta. Ar an meán, le

[26] https://www.ices.dk/news-and-events/news-archive/news/Pages/InnovativeFishingGear.aspx

[27] https://www.ices.dk/news-and-events/news-archive/news/Pages/InnovativeGear.aspx

[28] (Tosca) Polaitiúla, Eacnamaíocha, Sóisialta, Teicneolaíochta, Comhshaoil agus Dlíthiúla.

húsáid an réigiúnaithe, tógann sé dhá bhliain chun an trealamh a ghlacadh, lena n-áirítear an próiseas caibidlíochta laistigh de ghrúpaí réigiúnacha, comhairliúcháin CETEI agus an próiseas glactha.

3.3. Iascaireacht chun críocha na heolaíochta

Foráiltear le hAirteagal 25 den Rialachán go bhféadfaidh na Ballstáit maoluithe ó na rialacha a cheadú chun críche iascaireacht eolaíoch a dhéanamh. Is é is aidhm don Airteagal seo oibreoirí a dhreasú chun páirt a ghlacadh i dtaighde eolaíoch. Cé go bhfuil Airteagail eile[29] sa Rialachán ar féidir iad a úsáid chun réitigh nuálacha a thabhairt isteach, is é Airteagal 25 is mó a úsáidtear.

Is institiúid eolaíoch de chuid na mBallstát a dhéanann an taighde a eagrú, a dhéanamh agus a thabhairt i gcrích. Le 3 bliana anuas, tá méadú tagtha ar rannpháirtíocht soithí tráchtála sna Ballstáit i dtaighde eolaíoch agus d'eagraigh an Coimisiún cruinniú teicniúil leis na Ballstáit an 6 Iúil 2023 chun trédhearcacht idir na Ballstáit a mhéadú agus chun an oibleagáid atá orthu na suirbhéanna a thuairisciú don Choimisiún a chur i gcuimhne dóibh.

Le formhór na dtionscadal ar tugadh fógra ina leith táthar ag imscrúdú modhanna malartacha chun gabháil iasc óg a íoslaghdú agus tá siad tiomanta do réitigh a aimsiú chun an tionchar ar speicis íogaire a mhaolú nó chun an drochthionchar ar an gcomhshaol a laghdú.

Cé go bhfuil Airteagal 25 mar spreagadh dearfach chun taighde agus tástáil teicneolaíochta nuálaí a dhreasú de mhaolú ar na ceanglais theicniúla sa Rialachán, thug na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara dá n-aire nach ann do na féidearthachtaí sin i rialacháin eile CBI, rud a d'fhéadfadh, i gcásanna áirithe, cur isteach ar na féidearthachtaí agus moill a chur ar athruithe a thabhairt isteach. Tugann siad dá n-aire, mar shampla, nach féidir maoluithe taighde a chur ar fáil ar an gcead chun doingean mara faoi bhun íosmhéideanna tagartha caomhnaithe a ghabháil, a choinneáil ar bord nó a thabhairt i dtír, fiú nuair is mian sin le haghaidh cláir faireacháin.

Ina theannta sin, thug na Ballstáit, na Comhairlí Comhairleacha agus na páirtithe leasmhara dá n-aire an próiseas anásta is gá a leanúint ón uair a fhorbraítear teicníc trealaimh nó teicneolaíocht nua go dtí go nglacfar go críochnaitheach é trí reachtaíocht.

3.4. Caiteachas ar nuálaíocht


Cé go gcuirtear i láthair in Airteagal 25 mar is féidir rannpháirtíocht i dtaighde eolaíoch a dhreasú leis an Rialachán, le húsáid chistí an Aontais tugtar dearcadh níos leithne ar thionscadail a bhfuil baint ag soithí tráchtála leo, a théann níos faide ná an maolú ar bhearta teicniúla. Ina ionad sin, tá sé nasctha le héagsúlacht na mbeart atá á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit mar bhealach chun rannchuidiú le cuspóirí CBI agus leis an ról atá aige maidir le tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta comhshaoil.

Is faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) a thugtar tacaíocht airgeadais i leith na tástála taighde agus nuálaíochta faoin Rialachán i láthair na huaire, agus ba faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) a thugtaí roimhe seo í. Tá deiseanna éagsúla ar fáil leis na cistí sin chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun nuálaíocht a spreagadh in earnáil an iascaigh, trí thionscadail nuálaíochta, trí thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí idir eolaithe agus iascairí, trí thacú le bearta caomhnúcháin agus comhar réigiúnach a cheapadh agus a chur chun feidhme, agus chun tionchar na hiascaireachta ar an muirthimpeallacht a theorannú chomh maith le rannchuidiú le cur chun feidhme na reachtaíochta comhshaoil (lena n-áirítear le haghaidh láithreáin Natura 2000).

[29] Airteagal 20, trealamh iascaireachta nuálach, Airteagal 23, treoirthionscadail maidir le doiciméadú iomlán gabhálacha agus ábhar muirí aischurtha.

Le torthaí na dtionscadal sin, féachfar le réitigh nua agus nuálacha a chur ar fáil maidir leis an mbealach ar féidir an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú leis an ngníomhaíocht iascaireachta.

Agus clárthréimhse CEMI (2014-2020) á breathnú, gealladh EUR 438 038 353 ar an iomlán do bhearta nuálaíochta a bhaineann le hiascaigh, lena gcuimsítear 7,87 % de ghealltanais uile CEMI, leis an gcomhroinnt seo a leanas:



Ar an iomlán, faoi CEMI, tugadh tacaíocht airgeadais do 5,592 thionscadal le beagnach 2,000 soitheach i gceist.

Beart (Airteagal)	**An líon oibríochtaí**	**An líon soithí arna gcistiú faoi Airteagal**	**Geallta ag CEMI (EUR)**
Airteagal 26 Nuálaíocht	336	130	51 038 696
Airteagal 28 Comhpháirtíochtaí	200	128	54 311 695
Airteagal 37: Bearta caomhnúcháin agus comhar réigiúnach	373	1	32 563 570
Airteagal 38: An mhuirthimpeallacht, cosaint speiceas	1 774	1 545	23 865 290
Airteagal 39: Nuálaíocht atá nasctha le caomhnú	195	66	40 103 657
Airteagal 40(1)(b) – (g) agus (i): Bithéagsúlacht mhuirí a chosaint agus a athbhunú	2 714	38	236 155 446
Iomlán:	**5 592**	-	**438 038 353**

Chun tacú le hullmhú na tuarascála seo, chuir FAMENET bileoga eolais ar fáil freisin ina léirítear roinnt samplaí den nuálaíocht atá á bhforbairt agus atá nasctha go díreach le cuspóirí an Rialacháin[30].

Le cláir nua CEMID[31] na mBallstát a glacadh don tréimhse 2021-2027, cuirtear neart deiseanna ar fáil chun tacú le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí dírithe ar thaighde agus nuálaíocht agus d'fhéadfaidís

[30] Nuálaíochtaí iascaigh faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014-2020 – An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[31] Cláir CEMID 2021-2027 – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí i ndáil leis sin.

Agus na bearta a bhaineann go sonrach le hiascaigh á gcomhlánú acu, bhreathnaigh na Ballstáit ar dheiseanna cistiúcháin eile freisin. Le clár réime taighde **Fís Eorpach** (2021-2027), tacaítear le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta le haghaidh iascach agus dobharshaothrú inbhuanaithe. Áirítear leis sin, mar shampla, an t-aistriú digiteach lena dtacaítear le cigireacht agus rialú iascaigh, arb é is aidhm dó tionchar trealaimh iascaireachta ar an gcomhshaol a laghdú, an tionchar ar an aeráid ar an iascach a íoslaghdú agus foghabháil speiceas faoi chosaint a laghdú agus foghabháil speiceas faoi chosaint a laghdú.

Le clár Fís 2020 a bhí ann roimhe seo, clár cistiúcháin taighde agus nuálaíochta an Aontais ó 2014-2020, rinneadh rannchuidiú le hiascaireacht inbhuanaithe a fheabhsú. Go deimhin, luaitear sa mheastóireacht deiridh ar Fhís 2020, a glacadh an 29 Eanáir 2024, go ndearna an ciste rannchuidiú suntasach le tionchair shochaíocha i roinnt réimsí, rud a léiríonn a thionchar fadréimseach agus a héifeachtacht, lena n-áirítear, iascaireacht inbhuanaithe trí mhodhanna iascaireachta a fheabhsú agus ábhair mhuirí aischurtha a laghdú, rud a rannchuidigh le cleachtais iascaireachta níos inbhuanaithe, agus leasanna eacnamaíocha á gcothromú le caomhnú an chomhshaoil.

Ar deireadh, le **Misean an Aontais 'Ár nAigéan agus ár nUiscí a athbhunú faoi 2030'**[32], táthar ag tacú le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, mar shampla i ndáil le trealaimh iascaireachta chliste agus ísealtionchair ar an gcomhshaol, agus cabhlaigh iascaireachta ar mhionscála atá tíosach ar fhuinneamh. Le clár oibre 2024 a bhaineann leis an Misean, atá le glacadh go luath, leanfar de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí taispeántais *in situ* chun an t-iascach agus an chosaint mhuirí a thabhairt chun réitigh.

4. CONCLÚIDÍ

Sa phróiseas chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach, chuir na Ballstáit i dtábhacht go bhfuil bearta náisiúnta á nglacadh acu, thug an earnáil le fios go bhfuil níos mó úsáide á baint as bearta deonacha agus chuir roinnt páirtithe leasmhara i dtreis go bhfuil gá le huaillmhian leanúnach.

Níl an dul chun cinn maidir le cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach ag brath ar (agus níor cheart go mbeadh sé ag brath ar) an reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh agus air sin amháin. Tá eolas, tiomantas agus rannpháirtíocht mhéadaithe agus chomhroinnte na bpáirtithe leasmhara agus na dtionscnamh deonach fíor-riachtanach i gcónaí agus feidhmíonn siad mar chomhlánú le rialacha comhchoiteanna a ghlacadh trí réigiúnú. Ina theannta sin, ní mór aghaidh a thabhairt ar bhealach dinimiciúil ar ghníomhaíocht iascaireachta atá ag athrú agus atá dúshlánach, agus dá bhrí sin, tá plé leanúnach agus machnamh ar na bearta is oiriúnaí fíor-riachtanach.

Tá an nuálaíocht ríthábhachtach, ní hamháin chun cuspóirí an Rialacháin a chomhlíonadh, chun earnáil iascaigh an Aontais atá athléimneach agus iomaíoch a bhaint amach freisin lena soláthrófar na táirgí bia mara den chaighdeán is airde do thomhaltóirí na hEorpa.

Tá **infheistíocht á déanamh ag na Ballstáit agus ag na páirtithe leasmhara i bhforbairt teicneolaíochtaí nua** chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach. Cé nach mbeidh torthaí níos suntasaí le feiceáil go fóill sa chéad tréimhse eile, ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus do na páirtithe leasmhara leanúint de bheith ag obair le chéile chun teacht ar na bealaí is éifeachtaí chun taighde maidir le trealamh agus nuálaíocht a chur chun feidhme agus leanúint de bheith ag tacú leis an taighde sin, chomh maith le cur i bhfeidhm agus úsáid iarbhír an trealaimh agus na nuálaíochta ar an láthair.

[32] tairseach seirbhíse Aigéin agus Uiscí an Mhisin | Taighde agus Nuálaíocht (europa.eu)

AGUISÍN I: ACHOIMRE AR AN gCOMHAIRLIÚCHÁN

1. An straitéis chomhairliúcháin.

Ba é cuspóir an chomhairliúcháin tuairim na bpáirtithe leasmhara ábhartha a bhailiú i gcur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1241 i gcomhréir le ceanglais Airteagal 31(1). Chun aiseolas iomlán a áirithiú, bhí comhairliúchán spriocdhírithe ar líne mar chomhlánú ar an gcomhairliúchán leis na Ballstáit agus leis na Comhairlí Comhairleacha.

2. Modheolaíocht agus uirlisí chun na sonraí a phróiseáil.

Bhí an mhodheolaíocht a úsáideadh difriúil ag brath ar thíopeolaíocht na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo.
Is iad na Ballstáit na húdaráis atá i gceannas ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú an Rialacháin. Dá bhrí sin, seoladh ceistneoir tiomnaithe[33].
Ar an gcaoi chéanna, i bhfianaise ról sonrach na gComhairlí Comhairleacha i bpróiseas an réigiúnaithe agus mar phríomhchomhlachtaí ionadaíocha faoi CBI, seoladh ceistneoir sonrach[34].
Rinneadh an comhairliúchán ar líne trí úsáid a bhaint as an ardán 'EUSurvey'[35]. Sa chás sin, rinneadh poiblíocht trí shuíomh gréasáin agus nuachtlitir Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, agus a líonraí sóisialta, amhail Twitter.
Maidir le gach ceann de na trí chás, seoladh an comhairliúchán an 2 Deireadh Fómhair 2023, agus mhair sé go dtí an 24 Samhain 2023.
I ngach ceann de na trí chás, tugadh an deis doiciméadacht tacaíochta a áireamh.

3. Torthaí

Fuarthas freagraí ó 18 mBallstát, 5 Chomhairle Chomhairleacha agus 10 n-eagraíocht eile (trí chomhairliúchán ar líne).
I bhfianaise chuspóir na tuarascála, tá achoimre déanta ar na freagraí a fuarthas agus, a mhéid is féidir, cuimsíodh na hábhair shubstaintiúla sa tuarascáil féin. Ós rud é nár cuireadh in iúl go sonrach é sna litreacha a seoladh chuig na Ballstáit agus chuig na Comhairlí Comhairleacha araon, níl na freagraí aonair le taispeáint.
Cuirtear freagraí ó na Ballstáit agus ó Chomhairlí Comhairleacha i láthair leis an tagairt shonrach 'BS' / 'CC'. I gcás go dtagann na barúlacha ón gcomhairliúchán spriocdhírithe ar líne, tugtar 'páirtithe leasmhara' orthu.

[33] Litir a seoladh chuig na Ballstáit an 2 Deireadh Fómhair 2023 (ARES (2023)6664125))

[34] Litir a seoladh chuig na Comhairlí Comhairleacha an 2 Deireadh Fómhair 2023 (ARES(2023)6664226))

[35] https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/consultations/targeted-stakeholder-consultation-technical-measures-regulation-fisheries-2023_en?prefLang=ga&etrans=ga